An Dreasacht um Chabhair le Ceannach (CLC)

Tuarascáil Bhliantúil 2017

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís a rinneadh ar iarratais ar an Dreasacht um Chabhair le Ceannach (CLC) de réir 2 Eanáir 2018.

Ba chóir féachaint ar na staitisticí seo a mar staitisticí sealadacha agus féadfaidh sé go ndéanfar athbhreithniú orthu.
Soláthraítear nuashonruithe go rialta ar leathanach idirlín staidreamh na gCoimisinéirí Ioncaim: https://www.revenue.ie/en/corporate/information-about-revenue/statistics/index.aspx.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir leis an DAT a sheoladh chuig statistics@revenue.ie.
Tá tuilleadh eolais maidir le hoibriú na scéime CLC ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.

Revenue

Léargas ginearálta ar an Dreasacht

Fógraíodh an Dreasacht um Chabhair le Ceannach (CLC) i mBuiséad 2017 (Deireadh Fómhair 2016) agus ceapadh é chun cabhrú le ceannaitheoirí céaduaire leis an éarlais a theastaíonn chun teach nó árasán nua a cheannach nó a fhéintógáil chun cónaí ann mar bhaile.

Foráiltear faoin dreasacht aisíocaíocht i leith Cáin Ioncaim agus DIRT a íocadh thar na ceithre bliana cánach roimhe, faoi réir uasteorainn 5% den luach ceannaigh suas le luach €400,000. Tá uasteorainn €20,000 ar an aisíocaíocht CLC.

Tá an dreasacht seo ar fáil don tréimhse 19 Iúil 2016 go 31 Nollaig 2019.

Maoine Cáilitheacha

Le go mbeidh maoin incháilithe faoin scéim, ní mór gur mar bhaile an cheannaitheora céaduaire a ceannaíodh nó a tógadh é, agus má ceannaíodh é, is gá gur ó chonraitheoir cáilitheach a ceannaíodh é.

Le go mbeidh maoin incháilithe le haghaidh CLC, ní fhéadann luach níos mó ná €600,000 a bheith air sa tréimhse ó 19 Iúil go 31 Nollaig 2016 nó €500,000 sa tréimhse ó 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2019.

Luach an Cheannaigh	Méid an Fhaoisimh
Suas le €400,000	Suas le 5% de phraghas an cheannaigh
Idir €400,000 agus €500,000, ó 1 Eanáir 2017	Beidh luach €20,000 ar an uasfaoiseamh
Os cionn €500,000, ó 1 Eanáir 2017	Gan faoiseamh
Idir €400,000 agus €600,000, idir 19 Iúil 2016 agus 31 Nollaig 2016	Beidh luach €20,000 ar an uasfaoiseamh
Os cionn €600,000, idir 19 Iúil 2016 agus 31 Nollaig 2016	Gan faoiseamh

Ní mór an mhaoin a bheith á háitiú ag an gceannaitheoir céaduaire, nó ag duine amháin ar a laghad de na ceannaitheoirí céaduaire i gcás ceannaitheoirí céaduaire iomadúla, laistigh de dhá bhliain agus ar feadh íostréimhse cúig bliana.

Conraitheoirí Cáilitheacha

Le go mbeidh conraitheoir cláraithe mar 'Chonraitheoir Cáilitheach' faoin scéim CLC, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Ioncaim agus faomhadh a fháil uathu.

Tá liosta iomlán na gconraitheoirí cáilitheacha ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim anseo. Ag deireadh 2017, tá 424 conraitheoir cáilitheach cláraithe ar an liosta.

Iarratais agus Éilimh

Tá dhá chéim sa phróiseas ar líne CLC.

(1) Céim an Iarratais:

Déanfaidh ceannaitheoirí céaduaire / féintógálaithe iarratas ar líne trí chórais na gCoimisinéirí Ioncaim, is é sin moChúrsaí nó ROS.

Molann na Coimisinéirí Ioncaim d'iarratasóirí ionchasacha aon tuairisceáin riachtanacha chánach a thíolacadh agus réiteach a fháil ar aon ábhair gan réiteach sula ndéantar iarratas ar an CLC. Táthar á mholadh toisc go mbraitheann aga próiseála na n-iarratas ar an iarratasóir réiteach a fháil ar aon ábhair gan réiteach agus an t-iarratas a chomhlánú.

Aon cháiníocóirí comhlíontacha a chomhlánaíonn an t-iarratas CLC, soláthrófar iad le hUimhir Iarratais agus le hachoimre ar an uasfaoiseamh atá ar fáil dóibh faoin dreasacht. Féadfaidh soláthraí morgáiste, bróicéir, conraitheoir cáilitheach nó dlíodóir leas a bhaint as an achoimre seo chun an faoiseamh atá ar fáil don iarratasóir a dheimhniú, ar mhaithe le morgáiste a fhaomhadh nó a tharraingt anuas, nó conradh ceannaithe tí a shíniú.

Ag deireadh 2017, fuair na Coimisinéirí Ioncaim 12,364 iarratas gníomhach CLC.

(2) Céim an Éilimh:

Ní leanfaidh iarratais chuig céim an éilimh ach amháin má chinneann an t-iarratasóir maoin a cheannach atá incháilithe faoin scéim. Is minic go dteipeann ar iarratais leanúint chuig céim an éilimh toisc nach gceannaíonn an t-iarratasóir maoin, nó go gceannaíonn an t-iarratasóir maoin nach bhfuil incháilithe faoin scéim.

Is faoin iarratasóir atá sé an cinneadh a dhéanamh leanúint chuig céim an éilimh, nó cén uair a leantar chuig céim an éilimh. Féadfaidh ceannaitheoirí céaduaire éileamh a thíolacadh ón uair a bheidh conradh sínithe chun maoin a cheannach. I gcás féintógála, féadtar an t-éileamh a dhéanamh tar éis an chéad sciar den mhorgáiste a íostarraingt.

Chun éileamh a dhéanamh, ní mór don iarratasóir deimhniú a thabhairt agus fianaise dhoiciméadach a sholáthar i dtaca le sonraí na maoine, an praghas ceannaithe, an dáta críochnaithe, an morgáiste agus an éarlais a íocadh. Féadtar an t-éileamh a thíolacadh ar líne ansin.

Ón uair a bheidh éileamh curtha isteach, ní mór don chonraitheoir cáilitheach nó don dlíodóir atá ag gníomhú ar son an fhéintógálaí an t-eolas a sholáthraítear a dheimhniú. Ní fhéadtar éilimh a fhaomhadh ná a íoc go dtí go mbeidh an t-éileamh deimhnithe ag an gconraitheoir cáilitheach nó ag an dlíodóir. Níl smacht ag na Coimisinéirí Ioncaim air seo.

Mar gheall ar na cúinsí leagtha amach thuas, is cosúil nach leanfaidh mórán iarratas CLC ar aghaidh chuig céim an éilimh, agus dá réir sin níl líon na n-iarratas ina bhonn iontaofa chun costas dóchúil na scéime a mheas.

Ag deireadh 2017, rinneadh 5,392 éileamh CLC agus faomhadh 4,824 díobh. Meastar gurb ionann timpeall €68.9 milliún agus luach iomlán na n-éileamh faofa CLC ag deireadh 2017, agus léiríonn €16.7 milliún den mhéid sin éilimh shiarghabhálacha (don tréimhse 19 Iúil go 31 Nollaig 2016).

Staitisticí Chéim an Iarratais ag deireadh 2017

	Siarghabhálach*	Neamh-Shiarghabhálach	Iomlán	% den Iomlán
Faofa	1,380	7,538	8,918	72.13%
Ar feitheamh**	144	3,302	3,446	27.87%
Iomlán	**1,524**	**10,840**	**12,364**	**100%**

Tá briseadh síos sa tábla thuas ar líon iomlán na n-iarratas CLC in 2017.

Mí	Siarghabhálach*	Neamh-Shiarghabhálach
Eanáir - Márta	1,206	3,492
Aibreán	81	886
Bealtaine	44	898
Meitheamh	67	1,113
Iúil	40	1,024
Lúnasa	24	754
Meán Fómhair	27	891
Deireadh Fómhair	25	795
Samhain	≤10	610
Nollaig	≤10	377
Iomlán	**1,524**	**10,840**

Tá briseadh síos míosúil sa tábla thuas ar iarratais CLC in 2017.

*Ciallaíonn Siarghabhálach iarratais agus éilimh i dtaca leis an tréimhse ó 19 Iúil 2016 go 31 Nollaig 2016.
**Ciallaíonn Ar Feitheamh go bhfuil tuairisceán amuigh le tuairisciú ag iarratasóirí nó go bhfuil ábhar comhlíonta le réiteach ag na hiarratasóirí, go bhfuil an t-iarratas réidh lena athbhreithniú ag oibrí cásanna leithleacha de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, nó go gcaithfidh an t-iarratasóir an t-iarratas s'acu a thabhairt chun críche.

Cosnaíonn na Coimisinéirí Ioncaim rúndacht cáiníocóirí. Nuair nach mbíonn ach líon beag cásanna in aon chatagóir amháin, ní sholáthraítear na figiúirí díreacha ar mhaithe le faisnéis faoi rún na gcáiníocóirí a chosaint (marcáilte le "≤10").

Staitisticí Chéim an Éilimh ag deireadh 2017

Mí	Siarghabhálach	Neamh-Shiarghabhálach
Eanáir - Márta	673	333
Aibreán	153	297
Bealtaine	122	339
Meitheamh	105	497
Iúil	82	546
Lúnasa	60	418
Meán Fómhair	42	421
Deireadh Fómhair	28	371
Samhain	22	432
Nollaig	21	430
Iomlán	**1,308**	**4,084**

Tá briseadh síos míosúil sa tábla thuas ar líon iomlán na n-éileamh CLC in 2017.

Cineál na Tógála	Líon	% den Iomlán
Ceannaithe (Éileamh Siarghabhálach)	1,006	18.66%
Ceannaithe (Éileamh Neamh-Shiarghabhálach)	3,441	63.82%
Féintógáil (Éileamh Siarghabhálach)	302	5.60%
Féintógáil (Éileamh Neamh-Shiarghabhálach)	643	11.93%
Iomlán	**5,392**	**100%**

Tá briseadh síos sa tábla thuas ar na héilimh CLC de réir chineál na tógála in 2017

An Méid a Éilíodh	Líon	% den Iomlán
€0 - €4,999	168	3.12%
€5,000 - €9,999	725	13.45%
€10,000 - €14,999	2005	37.18%
€15,000 - €19,999	1842	34.16%
€20,000	652	12.09%
Iomlán	**5,392**	**100%**

Tá briseadh síos sa tábla thuas ar na méideanna éilithe in éilimh CLC in 2017.

Luach Maoine na nÉileamh CLC ag deireadh 2017

Luach Maoine:	0-€150k		€151-€225k		€226-€300k		€301-€375k		€376-€450k		Os cionn €450k		Gach Luach	
Mí	**Líon**	**%**	**Líon**	**%**	**Líon**	**%**	**Líon**	**%**	**Líon**	**%**	**Líon**	**%**	**Líon**	**%**
Eanáir - Márta	29	2.88%	141	14.02%	341	33.90%	292	29.03%	126	12.52%	77	7.65%	**1,006**	**100%**
Aibreán	42	2.88%	208	14.29%	505	34.68%	417	28.64%	186	12.77%	98	6.73%	**1,456**	**100%**
Bealtaine	53	2.76%	285	14.87%	674	35.16%	546	28.48%	245	12.78%	114	5.95%	**1,917**	**100%**
Meitheamh	72	2.86%	373	14.81%	892	35.41%	734	29.14%	318	12.62%	130	5.16%	**2,519**	**100%**
Iúil	90	2.86%	456	14.49%	1,114	35.40%	942	29.93%	391	12.42%	154	4.89%	**3,147**	**100%**
Lúnasa	104	2.87%	533	14.70%	1,291	35.61%	1,059	29.21%	464	12.80%	174	4.80%	**3,625**	**100%**
Meán Fómhair	118	2.89%	584	14.29%	1,460	35.71%	1,214	29.70%	521	12.74%	191	4.67%	**4,088**	**100%**
Deireadh Fómhair	127	2.83%	633	14.11%	1,616	36.02%	1,323	29.49%	576	12.84%	212	4.72%	**4,487**	**100%**
Samhain	142	2.87%	678	13.72%	1,772	35.86%	1,479	29.93%	623	12.61%	247	5.00%	**4,941**	**100%**
Nollaig	152	2.82%	734	13.61%	1,905	35.33%	1,636	30.34%	686	12.72%	279	5.17%	**5,392**	**100%**

Tá briseadh síos sa tábla thuas ar luach na maoin a ndearnadh éilimh CLC ina leith in 2017.

Cóimheas idir Iasacht agus Luach na nÉileamh CLC ag deireadh 2017

Is éard atá i gceist leis an gcóimheas idir iasacht agus luach ná méid an mhorgáiste mar chéatadán de luach ceannaigh an tí nó an árasáin. Chun leas a bhaint as an dreasacht CLC, ní mór an cóimheas idir iasacht agus luach a bheith 70% nó níos mó.

Cóimheas idir Iasacht agus Luach:	70%-74.99%		75%-79.99%		80%-84.99%		85%-89.99%		Os cionn 89.99%		Gach Maoin	
Mí	**Líon**	**%**	**Líon**	**%**	**Líon**	**%**	**Líon**	**%**	**Líon**	**%**	**Líon**	**%**
Eanáir - Márta	90	8.95%	94	9.34%	168	16.70%	380	37.77%	274	27.24%	**1,006**	**100%**
Aibreán	150	10.30%	131	9.00%	237	16.28%	523	35.92%	415	28.50%	**1,456**	**100%**
Bealtaine	201	10.49%	175	9.13%	321	16.74%	655	34.17%	565	29.47%	**1,917**	**100%**
Meitheamh	281	11.16%	251	9.96%	415	16.47%	797	31.64%	775	30.77%	**2,519**	**100%**
Iúil	354	11.25%	331	10.52%	505	16.05%	951	30.22%	1006	31.97%	**3,147**	**100%**
Lúnasa	416	11.48%	398	10.98%	604	16.66%	1,070	29.52%	1,137	31.37%	**3,625**	**100%**
Meán Fómhair	474	11.59%	461	11.28%	671	16.41%	1,194	29.21%	1,288	31.51%	**4,088**	**100%**
Deireadh Fómhair	541	12.06%	506	11.28%	740	16.49%	1,292	28.79%	1,408	31.38%	**4,487**	**100%**
Samhain	592	11.98%	556	11.25%	817	16.54%	1392	28.17%	1584	32.06%	**4,941**	**100%**
Nollaig	666	12.35%	609	11.29%	887	16.45%	1485	27.54%	1745	32.36%	**5,392**	**100%**

Tá briseadh síos sa tábla thuas ar an gcóimheas idir iasacht agus luach a bhaineann le maoine a ndearnadh éilimh CLC ina leith in 2017.

Briseadh Síos Geografach ar Éilimh CLC ag deireadh 2017

Contae	Eanáir - Márta	Aibreán	Bealtaine	Meitheamh	Iúil	Lúnasa	Meán Fómhair	Deireadh Fómhair	Samhain	Nollaig
An Cabhán	≤10	≤10	≤10	14	16	20	22	31	34	36
An Clár	≤10	11	20	30	39	47	51	53	57	63
An Iarmhí	17	17	23	31	35	40	46	49	58	62
An Longfort	≤10	≤10	≤10	≤10	≤10	≤10	15	17	19	19
An Mhí	92	152	210	270	342	388	445	512	570	615
Baile Átha Cliath	401	605	759	983	1,239	1,405	1,574	1,698	1,872	2,052
Ceatharlach	≤10	≤10	≤10	12	17	19	23	24	30	37
Ciarraí	≤10	≤10	13	20	20	27	33	38	43	46
Cill Chainnigh	≤10	12	13	17	22	26	29	33	34	37
Cill Dara	120	147	203	260	320	355	401	438	478	519
Cill Mhantáin	66	87	111	139	170	198	213	229	241	261
Corcaigh	101	132	180	236	287	334	378	409	455	502
Dún na nGall	14	17	19	26	28	29	31	36	44	45
Gaillimh	34	49	65	97	122	143	166	180	194	207
Laois	11	17	25	31	41	47	49	57	62	66
Liatroim	≤10	≤10	≤10	≤10	≤10	≤10	11	11	12	12
Loch Garman	11	17	21	29	38	48	52	55	61	68
Lú	12	23	36	53	75	86	97	109	123	135
Luimneach	32	41	56	73	92	119	135	151	162	170
Maigh Eo	≤10	≤10	15	24	28	35	38	46	58	67
Muineachán	≤10	≤10	≤10	11	16	20	24	30	32	35
Port Láirge	24	35	48	68	78	87	101	109	121	131
Ros Comáin	≤10	≤10	12	17	22	23	24	29	30	34
Sligeach	≤10	≤10	≤10	≤10	11	15	18	20	25	29
Tiobraid Árann	≤10	15	23	30	41	56	66	75	77	86
Uíbh Fhailí	≤10	14	19	26	34	41	46	48	49	58
Gach Éileamh	**1,006**	**1,456**	**1,917**	**2,519**	**3,147**	**3,625**	**4,088**	**4,487**	**4,941**	**5,392**

Cosnaíonn na Coimisinéirí Ioncaim rúndacht cáiníocóirí. Nuair nach mbíonn ach líon beag cásanna in aon chatagóir amháin, ní sholáthraítear na figiúirí díreacha, ar mhaithe le faisnéis faoi rún na gcáiníocóirí a chosaint (marcáilte le "≤10")



Léirítear sa chairt thuas líon na n-oibreacha CLC ó 2013 go 2017 de réir contae.



Léirítear sa cairt thuas líon na n-éileamh CLC in 2017 mar sciar den líon maoine i ngach contae (tá líon na maoine bunaithe ar shonraí clárúcháin Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) na gCoimisinéirí Ioncaim).